AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2022
COM(2022) 580 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

de bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

Clár na nÁbhar

1. RÉAMHRÁ 3
2. CUSPÓIRÍ ATÁ LE BAINT AMACH 4
3. AILTIREACHT AN TIONSCADAIL AGUS CUR CHUIGE PLEANÁLA 5
Iomlán Céim 1 5
Céim 2 – Forbróirí an chórais: 5
Céim 3 – Leithdháileadh agus Oibriú: 6
4. FORLÉARGAS AR AN DUL CHUN CINN 6
Forálacha cur chun feidhme a ghlacadh 6
Coincheapú – Cás Gnó 6
Sainmhíniú an tionscadail - Doiciméad Físe 7
Forbairt tionscadail 7
Modheolaíocht: cur chuige a úsáidtear chun an Córas ICG a chur i bhfeidhm 8
Pleanáil ardleibhéil 8
Iarratas ar Athruithe (RfCanna) 9
Sineirgí seachtracha 9
Comhar idir DG TAXUD agus DG SANTE 9
Obair leis an nGrúpa Tionscadail maidir le 'Digitiú Earraí Cultúrtha' 10
5. RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA 11
Riosca 1 – Leithdháileadh foirne 11
Riosca 2 – Paindéim Covid-19 agus géarchéim na hÚcráine 11
Riosca 3 – Togra maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam 11
Caingne maolaithe 12
6. CONCLÚIDÍ 12
IARSCRÍBHINN I: PLEANÁIL STRAITÉISEACH ILBHLIANTÚIL 13
IARSCRÍBHINN II: PRÍOMHCHÉIMEANNA TIONSCADAIL AGUS AMLÍNE NA NGARSPRIOCANNA CRITICIÚLA 15

GLUAIS

Cás Gnó	An doiciméad lena soláthraítear an bonn cirt leis an tionscadal TF agus lena sainmhínítear a cheanglais bhuiséadacha.
Doiciméad Físe	Sa Doiciméad Físe tugtar tuilleadh sonraí faoi na boinn tuisceana a rinneadh i nDoiciméad an Cháis Gnó. Taifeadtar ann comhpháirtíocht úinéir an chórais/soláthraí an chórais agus tuiscint ar an gcóras agus é seo á scríobh.
Córas ICG	Córas Iompórtála Earraí Cultúrtha - an córas leictreonach láraithe chun earraí cultúrtha a iompórtáil.
TRACES	Córas um Rialú Trádála agus Saineolaithe - ardán ilteangach ar líne an Choimisiúin Eorpaigh do dheimhniú sláintíochta agus físeashláintíochta.
CSW-CERTEX AE	Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.
CAI	An Creat Airgeadais Ilbhliantúil; buiséad fadtéarmach an Aontais, a mhairfidh ó 2021 go 2027.
BPM	Samhaltú ar Phróiseas Gnó - leis an Samhaltú ar Phróiseas Gnó ar leibhéal an fheidhmchláir cuirtear síos ar an bpróiseas gnó ina iomláine agus ar shreabhadh faisnéise an fheidhmchláir, ag comhlánú Shamhaltú um Phróiseas Gnó an Chórais a cruthaíodh le linn na céime ‘Sonraíocht an Chórais’, chun riachtanais an fheidhmchláir féin a chur san áireamh.

1. RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm le Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019[1] maidir le tabhairt isteach agus allmhairiú earraí cultúrtha (dá ngairfear 'an Rialachán' anseo feasta) cosc a chur ar thrádáil aindleathach in earraí cultúrtha, go háirithe nuair a chuireann sé le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú, agus toirmeasc a chur ar allmhairiú earraí cultúrtha a onnmhairítear go neamhdhleathach ó thríú tíortha isteach i gcríoch custaim an Aontais.

Leis an Rialachán, cuirtear allmhairiú earraí cultúir áirithe a mheastar go bhfuil siad i mbaol mór (eadhon, réada seandálaíochta agus codanna de shéadchomharthaí nach bhfuil iomlán feasta) faoi réir ceadúnais allmhairiúcháin agus tá cinn eile, a mheastar a bheith i mbaol níos lú, faoi réir ráiteas ó allmhaireoirí agus áirithítear go ndéantar rialuithe aonfhoirmeacha orthu nuair a allmhairítear isteach san Aontas iad. Tá allmhairí áirithe earraí cultúrtha atá beartaithe le haghaidh úsáidí sonracha (oideachasúil, eolaíoch nó taighde) díolmhaithe ó na ceanglais dhoiciméadacha sin.

Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid ar allmhaireoirí ceadúnas allmhairiúcháin a fháil nó ráiteas allmhaireora a dhréachtú agus a thíolacadh do chustam ach amháin ón nóiméad a thiocfaidh córas leictreonach láraithe (an córas ICG) i bhfeidhm.

Feidhmeoidh an córas ICG ní hamháin mar mhodh chun foirmiúlachtaí a bhaint amach ag oibreoirí, ach freisin chun faisnéis a stóráil agus a mhalartú idir riaracháin na mBallstát atá i bhfeighil an Rialachán (údaráis chustaim agus chultúrtha) a chur chun feidhme.

Tá dlúthbhaint idir dea-fheidhmiú an chórais ICG agus rathúlacht Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam[2], a bhfuil sé mar aidhm leis bunús dlí a sholáthar d'fheidhmiú Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE). Tá 'Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam' deartha chun comhroinnt níos gasta agus níos éifeachtaí de shonraí leictreonacha a sholáthar idir riaracháin náisiúnta chustaim agus údaráis rialála AE thar réimsí beartais, rud a chruthaíonn creat digiteach le haghaidh comhar feabhsaithe idir na húdaráis teorann go léir agus a éascaíonn na seiceálacha riaracháin ag tráth an imréitigh custaim.

Is ionann CSW-CERTEX AE agus an chomhpháirt lárnach d'Ionad Ilfhreastail AE agus tá sé forbartha ag an gCoimisiún chun Timpeallachtaí Ilionaid Ilfhreastail náisiúnta le haghaidh custaim a nascadh le córais nó bunachair shonraí an Aontais a bhainistíonn ceanglais neamhchustaim ionas gur féidir le gach údarás ábhartha rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha agus comhoibriú ar bhealach níos éasca ar sheiceálacha teorann.

Clúdaíonn CSW-CERTEX AE malartuithe ar an iliomad foirmiúlachtaí neamhchustaim eile arna óstáil i mbunachair shonraí AE agus arna rialú le gníomhartha dlí éagsúla atá faoi fhreagracht Stiúrthóireachtaí éagsúla an Choimisiúin, lena n-áirítear na foirmiúlachtaí a bhaineann le hearraí cultúrtha.

[1] IO L 151, 7.6.2019, lch. 1-14

[2] Táthar ag súil go nglacfar go foirmiúil agus go bhfoilseofar an Rialachán lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam i R4 2022. Féach an togra maidir le hIonad Ilfhreastail: https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2020-10/201028_commission_proposal_single_window.pdf

Gach 12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus, go dtí go dtiocfaidh an córas ICG i bhfeidhm, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcóras leictreonach sin a bhunú.

Thíolaic an Coimisiún a chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn i mí an Mheithimh 2020[3]. Tugadh breac-chuntas sa tuarascáil ar an mbeart a rinne seirbhísí an Choimisiúin sa chéad bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin, is é sin: (a) an obair ullmhúcháin chun na forálacha cur chun feidhme is gá a ghlacadh, agus (b) na comhairliúcháin leis na Ballstáit tríd an nGrúpa Saineolaithe maidir le saincheisteanna custaim a bhaineann le hearraí cultúrtha agus leis an nGrúpa Tionscadal um allmhairiú earraí cultúrtha.

Cuireadh an dara tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn isteach i mí Iúil 2021[4]. Cuireadh i láthair inti an dul chun cinn a baineadh amach nuair a glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079[5] gCoimisiún, chomh maith le rolladh amach Chéim 1 - 'Coincheapú' an tionscadail ICG, an obair a rinne an Grúpa Tionscadail a cruthaíodh chun na críche sin agus an Cás Gnó agus an Doiciméad Físe don tionscadal ICG a chur chun cinn.

Cumhdaítear sa tríú tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an tréimhse idir Iúil 2021 agus Meitheamh 2022. Ar mhaithe le hiomláine, luaitear go hachomair anseo freisin na cuspóirí atá le baint amach, struchtúr an tionscadail agus an cur chuige pleanála, atá sonraithe sa chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn. Tá achoimre ar an measúnú foriomlán ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na rioscaí a aithníodh maidir le moill i rannán conclúidí na tuarascála seo.

2. CUSPÓIRÍ ATÁ LE BAINT AMACH

Tá an córas ICG le teacht i bhfeidhm faoin 28 Meitheamh 2025 ar a dhéanaí, mar ar an dáta sin, beidh sé éigeantach do gach oibreoir ceadúnais allmhairiúcháin a fháil nó ráitis allmhaireora a chur faoi bhráid lucht custaim tríd an gcóras leictreonach sin, ionas go mbeidh siad in ann catagóirí earraí cultúrtha atá sonrach ó thaobh dlí a allmhairiú[6] isteach san Aontas.

Tar éis glacadh, i mí an Mheithimh 2021, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún agus formheas an Doiciméid Físe, cuireadh tús le céim forbartha an chórais ICG. Clúdófar thart ar dhá bhliain ann, agus cuirfear tús leis an tríú céim ag deireadh na tréimhse sin. Sa tríú céim, beidh an córas ICG idirnasctha le CERTEX-CSW AE, chun malartú doiciméad le córais chustaim na mBallstát a éascú. Ag an am céanna, eagrófar seisiúin oiliúna chun taithí a thabhairt dá lucht riaracháin ar fheidhmiúlachtaí oibriúcháin an chórais ICG.

I dteannta le gníomhaíochtaí eile de chuid sheirbhísí an Choimisiúin i réimse an chustaim, tá an tionscadal maidir le hallmhairiú earraí cultúrtha pleanáilte go mion freisin tríd an bPlean Straitéiseach Ilbhliantúil don athbhreithniú ar Chustaim Leictreonach 2019[7] (athbhreithniú MASP-C. 2019). Cuirtear sliocht maidir le pleanáil an tionscadail ar allmhairiú earraí

[3] COM(2020) 342 final
[4] COM(2021) 358 final
[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú; IOAE L 234 an 2.7.2021, lch. 67.
[6] Sainmhínítear sa Rialachán mar 'allmhairiú' suíomh earraí faoi na nósanna imeachta custaim seo a leanas: scaoileadh i saorchúrsaíocht; stóráil i stórais chustaim nó i saorchriosanna; iontráil shealadach; agus úsáid deiridh, lena n-áirítear próiseáil isteach.
[7] Féach https://ec.europa.eu/taxation_customs/general-information-customs/electronic-customs_en.

cultúrtha as MASP-C ath 2019 ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo (tábla 1).

Mar a míníodh cheana, forbraítear cuid den tionscadal ar allmhairiú earraí cultúrtha freisin laistigh de Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (MASP-C ath. 2019 Cáipéis 1.13) arb é CSW-CERTEX AE an príomhchóras TF inti. Cuirtear sliocht maidir le pleanáil CSW-CERTEX AE as MASP-C Cáipéis 1.13 ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil seo (tábla 2).

3. AILTIREACHT AN TIONSCADAIL AGUS CUR CHUIGE PLEANÁLA

Mar a mhínítear go hanailíseach sa chéad tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn, tá Ailtireacht an Tionscadail bunaithe ar an modheolaíocht dá bhforáiltear in MASP-C ath. 2019 agus a cuid Iarscríbhinní, lena n-áirítear an Scéim Rialachais[8], Beartas AE um Shamhaltú ar Próiseas Gnólachta Custaim[9] agus an straitéis TF[10]. Tá treochlár cuimsitheach, ina bhfuil na príomhchéimeanna tionscadail agus na garspriocanna ríthábhachtacha sonraithe in Iarscríbhinn II.

In ainneoin go bhfuil an tionscadal ag dul ar aghaidh ar leibhéil éagsúla ag an am céanna, is féidir é a roinnt go figiúrach ina thrí chéim:

Iomlán Céim 1: Ar dtús, ullmhaítear Cás Gnó a sholáthraíonn údar an tionscadail agus ina sainítear ceanglais bhuiséadacha. Ina theannta sin, táirgtear Leibhéal 3 (BPManna ceanglais úsáideora) agus Leibhéal 4 (Ceanglais fheidhmiúla BPManna), agus é mar aidhm leo léiriú amhairc a sholáthar ar phróisis ghnó agus ceanglais fheidhmiúla mhionsonraithe chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh an córas oibriúcháin TF atá beartaithe mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. Ansin táirgtear Doiciméad Físe, ina soláthraítear faisnéis níos mionsonraithe ar shainiú an tionscadail i gcomhthéacs ailtireachta, costais, ama agus riosca, chomh maith le faisnéis ar nós garspriocanna, táirgí inghnóthaithe agus eagrú tionscadail. Léirítear sna doiciméid sin plé, agus inneachar an ghnímh cur chun feidhme atá le táirgeadh ag an gCoimisiún.

Céim 2 – Forbróirí an chórais: Tar éis fhorálacha an ghnímh cur chun feidhme, agus ceanglais úsáideoirí agus sonraíochtaí feidhmiúla an chórais a sholáthar, forbraítear sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcaoi a dtógfar an córas. Áirítear ar na sonraíochtaí teicniúla sin: an ailtireacht atá le húsáid, na teachtaireachtaí atá le cur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha, na comhéadain le córais eile, pleananna tástála, etc.

A luaithe a bheidh dearadh an chórais réidh ó thaobh an choincheapa de agus nuair a tháirgfear na táirgí insoláthartha atá liostaithe i dTábla 1, Garspriocanna 1 agus 3 (féach Iarscríbhinn I), cuirfear tús le hobair níos cuimsithí agus cuirtear gnéithe níos teicniúla san áireamh i Sonraíochtaí an Fheidhmchláir agus na Seirbhíse agus Doiciméid Sonraíochta an Chórais Theicniúil, atá mar choincréitiú ar an gCás Gnó (a ullmhaítear le linn Chéim 1) agus ar an Doiciméad Físe (a ullmhaítear le linn Chéim 2). Comhtháthófar an ICG san ardán TRACES atá ann cheana agus dá bhrí sin athúsáidfear an chuid is mó de na sonraíochtaí, ailtireacht, teachtaireachtaí agus comhéadan atá ann cheana féin.

[8] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex3_en.pdf
[9] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex4_en.pdf
[10] https://ec.europa.eu/taxation_customs/sites/taxation/files/2019_masp_annex5_en.pdf

Céim 3 – Leithdháileadh agus Oibriú: Cuirtear tús leis an gcéim forbartha iarbhír TF (Céim na Tógála), agus ina dhiaidh sin beidh an Idirthréimhse ina ndéanfar na leaganacha luatha den chóras ICG a rolladh amach de réir a chéile chuig na grúpaí éagsúla úsáideoirí agus déanfar tástálacha lena chinntiú, faoin 28 Meitheamh 2025, go mbeidh oibreoirí agus údaráis inniúla cumasach agus dea-oilte maidir le húsáid an chórais. Go dtí an chéim sin leanfar tréimhse iarchúraim 6 mhí, ina ndéanfar an córas a mhionchoigeartú chun freastal ar aon riachtanais oibríochtúla a d'fhéadfadh teacht chun solais go dtí go mbeidh córas TF éigeantach, agus lena chinntiú go n-oibreoidh na hoibríochtaí go réidh.

Tá sé le tabhairt faoi deara go mbeidh an córas ICG idirnasctha le lucht riaracháin custaim na mBallstát trí CSW-CERTEX AE faoin 3 Márta 2025, tar éis an togra ón gCoimisiún maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam[11] chun rialuithe uathoibrithe custaim a cheadú ar an doiciméid arna n-eisiúint le haghaidh allmhairiú earraí cultúrtha. Beidh Tástáil Chomhréireachta ag teastáil don ghníomhaíocht sin.

4. FORLÉARGAS AR AN DUL CHUN CINN

Forálacha cur chun feidhme a ghlacadh
Le linn na céime roimhe sin ghlac an Coimisiún na forálacha cur chun feidhme is gá chun an córas leictreonach a bhunú. Chun peirspictíocht níos fearr a fháil ó thaobh praiticiúil cur chun feidhme de, chuaigh sé i gcomhairle go forleathan le hionadaithe na mBallstát sa Ghrúpa Saineolaithe ar shaincheisteanna custaim a bhaineann le hearraí cultúrtha[12] agus sa Choiste um Earraí Cultúrtha.

Chuir seirbhísí an Choimisiúin comhlachais mhargaidh ealaíne ar an eolas gach uair ab fhéidir leo maidir le dul chun cinn na hoibre, chun a áirithiú go bhfuil cur chun feidhme praiticiúil an Rialacháin curtha in oiriúint go maith d'fhírinne an mhargaidh. Le linn an nós imeachta glactha, cuireadh an dréachtghníomh cur chun feidhme ar fáil ar líne freisin le haghaidh comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar feadh tréimhse 4 seachtaine.

Coincheapú – Cás Gnó
D'fhormheas an Bord um an Teicneolaíocht Faisnéise agus an Chibearshlándáil (ITCB)[13] de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an Cás Gnó an 23 Meán Fómhair 2020 agus d'fhormheas an Grúpa Comhordaithe Custaim Leictreonach (ECCG)[14] é an 16 Deireadh Fómhair 2020, gan aon bharúlacha. Sa Chás Gnó scrúdaítear na roghanna éagsúla agus deimhnítear gurb é an córas TRACES arna óstáil ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteachta Bia an

[11] Bhí an t-idirphlé tripháirteach polaitiúil ar siúl an 19/05/2022 idir ionadaithe arda ó DG TAXUD, ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Uachtaránacht na Comhairle agus baineadh amach toradh rathúil ar an gcaibidlíocht. D'fhormhuinigh na comhreachtóirí na codanna den téacs a comhaontaíodh roimh ré ar an leibhéal teicniúil agus tháinig siad ar chomhaontú polaitiúil maidir le roinnt téamaí breise a d'eascair as na leasuithe a bhí beartaithe acu ar bhuntogra an Choimisiúin. Táthar ag súil go nglacfar go foirmiúil agus go bhfoilseofar an Rialachán lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam i R4 2022.

[12] Is fóram é an Sainghrúpa chun saincheisteanna cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir le hearraí cultúrtha a bhaineann le custaim a phlé agus, go háirithe, Rialachán (AE) 2019/880 maidir le tabhairt isteach agus allmhairiú earraí cultúrtha agus Rialachán (CE) 116/2009 maidir le honnmhairiú earraí cultúrtha.

[13] Is foghrúpa buan den Bhord Bainistíochta Corparáidí é an Bord um an Teicneolaíocht Faisnéise agus an Chibearshlándáil (ITCB) an Choimisiúin Eorpaigh. Cinntíonn sé go n-úsáidtear acmhainní agus infheistíochtaí i dTeicneolaíocht Faisnéise go héifeachtach agus go dtacaítear le riachtanais ghnó trí chórais chumarsáide agus faisnéise atá éifeachtach, slán agus athléimneach, i gcomhréir le prionsabail um chosaint sonraí pearsanta. Déanann sé maoirsiú ar chur chun feidhme Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh.

[14] Tá an ECCG comhdhéanta d'ionadaithe ó gach Ballstát (agus Tíortha is Iarrthóirí), arna sainordú ag a riarachán agus a bhfuil inniúlachtaí acu i réimsí mar reachtaíocht, próisis & BPM, bainistíocht tionscadal, oibríochtaí, pleanáil agus gnéithe teicniúla TF.

Choimisiúin (DG SANTE) an t-ardán is oiriúnaí chun an córas ICG a fhorbairt, mar go bhfuil formhór na bhfeidhmiúlachtaí a theastaíonn le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin agus ceadúnaithe forbartha go maith san ardán sin.

Sainmhíniú an tionscadail - Doiciméad Físe

Leis an Doiciméad Físe déantar an measúnú tosaigh a rinneadh sa chás gnó a bheachtú tuilleadh, agus sonraítear ann an cur chuige modheolaíoch, rialachas an tionscadail agus na sineirgí le tionscadail eile. Mar thoradh air sin, déanfar an córas ICG a fhorbairt i gcomhpháirtíocht idir Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim (DG TAXUD) agus DG SANTE sa Choimisiún, ag baint leas as an gcomhar fadtéarmach agus an tsineirgíocht idir an dá Ard-Stiúrthóireacht sin don chomhoibriú idir údaráis inniúla chustaim agus comhpháirtíochta, a bhfuil ag éirí go han-mhaith leo go dtí seo i réimse na rialuithe allmhairiúcháin ainmhithe, bia agus beatha. D'fhormheas an Grúpa Comhordaithe Custaim Leictreonach (ECCG) an Doiciméad Físe an 25 Meitheamh 2021.

Forbairt tionscadail

Ós rud é go bhfuil an reachtaíocht[15] lena gcinntear feidhmiú agus sprioc-amanna dlíthiúla an chórais ICG glactha cheana féin, tá dul chun cinn maith á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teicniúla le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na Ballstáit athbhreithniú ar leibhéal 3 (BPManna na gceanglas úsáideora) agus ar leibhéal 4 (BPManna mionsonraithe ar an gceanglas feidhme) agus foilsíodh iad ar ARIS[16] Publisher. Cé go n-áirítear sa phacáiste seo an chéad leagan de na BPManna, beidh nuashonruithe breise ag teastáil le linn na céime forbartha.

Ina theannta sin, cruthaíodh agus seachadadh an doiciméad um Chritéir Ghlactha Gnó (BAC) i R1 2022. Treoraítear leis an doiciméad seo cur i gcrích na dtástálacha gnó go léir, lena n-áirítear tástálacha glactha, mar mhodh chun an cur chun feidhme a bhailíochtú i gcoinne sonraíochtaí an chórais agus an fheidhmchláir. Cuimsítear sa doiciméad na cásanna[17] tástála go léir a theastaíonn chun na ceanglais ghnó[18] agus na ceanglais fheidhmiúla[19] don chóras ICG a thástáil go cuimsitheach, chun a áirithiú gur féidir na riachtanais ghnó sainaitheanta go léir a chur i bhfeidhm leis. Chun an fíorú sin a dhéanamh, tá ceithre ghrúpa de chásanna tástála ann a chuireann síos ar na próisis ghnó, a bhaineann leis na réimsí gnó a thagann faoi raon feidhme an doiciméid BAC, i.e. 1) an ceadúnas allmhairiúcháin le haghaidh earraí cultúrtha, 2) ráiteas an allmhaireora maidir le hearraí cultúrtha, 3) an doiciméad na tuairisce ginearálta agus 4) comhar riaracháin.

[15] Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le tabhairt isteach agus allmhairiú earraí cultúrtha agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

[16] Is creat bainistíochta fiontair é Ailtireacht na gCóras Faisnéise Comhtháite (ARIS) a thairgeann modhanna agus teicnící chun próisis ghnó a bhainistiú.

[17] Is éard is cás tástála ann ná sraith cásanna tástála lena n-áireofar go ndéantar sreafaí an phróisis ghnó a thástáil ó cheann go ceann de réir mar a thuairiscítear iad sna BPManna L4

[18] Leis na ceanglais ghnó leagtar béim ar na príomhchéimeanna gnó nó na príomhfheidhmiúlachtaí a chaithfear a dhéanamh chun tasc a chur i gcrích go rathúil agus grúpáil loighciúil tascanna nó próiseas, is cuma má tá córas i gceist nó nach bhfuil.

[19] Le ceanglas feidhmiúil déantar cur síos ar iompraíocht nó ar fheidhm shonrach an chórais. Déantar cur síos leis ar a bhfuil le déanamh ag an gcóras. Ba cheart go bhfreagródh gach ceanglas feidhmiúil do cheanglas gnó, ach d'fhéadfadh ilcheanglais fheidhmiúla a bheith ag ceanglas gnó.

Cuirtear na cásanna tástála i láthair mar sheichimh de chéimeanna lena ndéantar cur síos ar phróisis cheann go ceann mar atá sainmhínithe ag BPM Leibhéal 4. Bunaithe orthu, soláthraíodh na cásanna[20] tástála agus sainíodh cásanna tástála sonracha le haghaidh cásanna ar leith. Is ionann cásanna tástála agus sreafaí oibre gnó éagsúla de chás ar leith, ag brath ar pharaiméadair ionchuir, réamhriachtanais agus gach faisnéis atá i dtacar sonraí. Trí na cásanna tástála go léir a chomhlíonadh do chás sonrach féadfar an próiseas ceann go ceann a fhíorú le haghaidh sreafaí dearfacha agus diúltacha.

Ag cur san áireamh gur modúl TRACES a bheidh sa chóras ICG dá bhfuil an comhéadan deartha cheana féin, ní mór an ceadúnas allmhairiúcháin, an ráiteas allmhaireora agus doiciméad na tuairisce ginearálta a ailíniú leis an gcomhéadan reatha. Dá bhrí sin, ní mór timpeallacht TRACES a chumrú agus a sholáthar le sonraí tástála chun feidhmiú gach cáis tástála agus gach cáis tástála a éasca agus a áirithiú.

Mar sin, le cabhair ó dhoiciméad BAC, cruthaíodh scéalta úsáideoirí agus nascadh iad leis na cásanna tástála a shainmhínítear i ndoiciméad BAC, ag fíorú an fhaisnéis a theastaíonn chun go bhféadfaidh na forbróirí na feidhmiúlachtaí is gá chun na ceanglais a mheas agus a chur chun feidhme. Is é an uirlis a úsáideadh chun na scéalta sin a chruthú agus a rianú, Jira, feidhmchlár bogearraí a úsáidtear le haghaidh bainistíocht tionscadail, chun rianú dul chun cinn a chinntiú agus na sonraí sonracha a bhaineann leis an iarracht a eagraítear i struchtúir a thugann brí do na húsáideoirí gnó, forbróirí agus róil ábhartha eile laistigh den tionscadal.

Modheolaíocht: cur chuige a úsáidtear chun an Córas ICG a chur i bhfeidhm

Is ionann an cur chuige modheolaíoch a úsáidtear chun an ICG a chur chun feidhme agus meascán idir modheolaíocht um Bainistíocht Leictreonach ar Thionscadail Ar Líne (TEMPO) DG TAXUD don chéim choincheapaithe agus dearbhú cáilíochta agus cleachtais Agile a úsáidtear in DG SANTE le haghaidh forbartha agus leithdháilte. Sa chomhthéacs sin, éascaítear leis na cruinnithe inmheánacha rialta agus na seisiúin taispeána chun fíorfheidhmiúlachtaí a phlé agus a chur chun feidhme, ag seachaint scáileáin bhréige ró-mhínithe. Leis an bpleanáil oiriúnaitheach éascaítear freagairt níos tapúla ar ionchais agus ar athruithe ar bhealach solúbtha. Chun aiseolas cuí a fháil ón réimse agus an córas a chur chun feidhme i gceart, déanfar na Ballstáit a chomhlachú ar bhonn deonach a luaithe a bheidh leagan tástála ann. Beidh rochtain ar an timpeallacht tástála ón taobh amuigh agus úsáid á baint as próifílí oiliúna cineálacha ó C4, 2022.

Pleanáil ardleibhéil

Déantar na gnéithe ICG a rangú faoi chatagóirí éagsúla mar a léirítear thíos:

A) ‘Príomhghnéithe an ICG agus an bonn atá ann cheana in TRACES’: gnéithe riachtanacha ina n-athúsáidfear feidhmiúlacht reatha;

B) ‘Croíghnéithe an ICG gan bonn in TRACES’: gnéithe riachtanacha le tógáil ón tús;

C) ‘Ní gnéithe lárnacha ICG’: gnéithe tábhachtacha ach nach bhfuil riachtanach;

D) ‘Naisc sheachtracha’: gnéithe atá ag brath ar ionchuir sheachtracha;

E) ‘Lasmuigh den raon feidhme’: i gcás gnéithe ICG atá lasmuigh de raon feidhme an chéad leagain den chóras ICG (e.g. Intleacht Shaorga);

[20] Is éard is cás tástála ann ná teaglaim d’ionchuir (tacair shonraí), réamhriachtanais (coinníollacha forghníomhaithe) agus nós imeachta tástála lena sainítear conair áirithe feidhmchláir bogearraí atá le cur i gcrích, agus na torthaí a bhfuiltear ag súil leo don teaglaim sin. Úsáidtear na torthaí a bhfuiltear ag súil leo chun a fhíorú go bhfuiltear ag cloí le ceanglas sonrach/ceanglais shonracha.

Tugtar meastachán ar infhaighteacht de réir ráithe sa tábla thíos.

Forbhreathnú ardleibhéil ar spriocanna infhaighteachta												
Catagóir	2022				2023				2024			
	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4	R1	R2	R3	R4
A – Lárnach, athúsáid TRACES												
B – Lárnach, forbairt nua												
C – Ní gnéithe lárnacha												
D – Naisc sheachtracha												

Tábla 1: Forbhreathnú ardleibhéil ar spriocanna infhaighteachta

Tá an iarracht eagraithe faoi láthair in 8 n-eisiúint ó R1, 2022 go R2, 2024, agus an *caveat* go bhfuil an eagraíocht seo faoi réir leasú agus optamú freagrúil leanúnach.

Dírítear sa chéad eisiúint (R1) go príomha ar an mbonneagar feidhme ginearálta (e.g. eintitis tacaíochta, innéacsanna cuardaigh, sonraí tagartha, úsáideoirí, róil) ach freisin ar fheidhmiúlacht bhunúsach ábhartha ghnó amhail an chéad sraith theoranta réimsí agus an loighic ghaolmhar do dhoiciméid ICG agus na chéad dréachtdoiciméid ICG.

Mar atá léirithe sa tábla (‘naisc sheachtracha’), tá an obair ar chomhtháthú CERTEX fós le tosú (pleanáilte mar R2, 2023) agus beidh sé mar chuid shuntasach den ICG feidhmiúlachtaí foriomlána, rud a éascóidh malartuithe sonraí le córais chustaim náisiúnta.

Iarratas ar Athruithe (RfCanna)
Cé go bhfuil na gníomhaíochtaí forbartha ag dul ar aghaidh agus go bhfuil plé inmheánach ar siúl, aithnítear go leor athruithe atá le cur i bhfeidhm ag BPManna ICG Leibhéal 2-Leibhéal 4. Dá bhrí sin, déanfar na BPManna a nuashonrú le linn R3 2022 chun an stádas is déanaí a léiriú agus déanfar an doiciméad BAC a nuashonrú dá réir freisin, chun é a fheabhsú le tacair nua sonraí (nó cásanna tástála) do chéim tástála an chórais.

Sineirgí seachtracha
Le linn na tréimhse tuairiscithe, bhí an Coimisiún i ndlúth-theagmháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail Comhairle Idirnáisiúnta na Músaem (ICOM) chun a áirithiú go n-ionchorpraítear sa chóras gnéithe de bhainistíocht riosca, go háirithe ó Liostaí Dearga ICOM[21]. Ina theannta sin, scrúdaíodh uirlisí eile a d’úsáid ICOM chun oidhreacht chultúrtha a chosaint (i.e. Object ID[22], Réadlann[23], etc.) d’fhonn gáinneáil aindleathach a chomhrac.

Ag an am céanna, i bhfianaise na n-iarrachtaí leanúnacha i dtreo dhigitiú an fhearainn earraí cultúrtha agus úsáid teicneolaíochtaí nuálacha, tá an Coimisiún ag fiosrú sineirgí féideartha le heagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le húsáid fhéideartha na hIntleachta Saorga (i.e. chun tuairisc a thabhairt ar earraí cultúrtha agus dearbhuithe a d’fhéadfadh a bheith bréagach a aithint i ráitis allmhaireora agus iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin).

Comhar idir DG TAXUD agus DG SANTE
Tá comhar fairsing idir TAXUD agus SANTE, agus tá an dá Ard-Stiúrthóireacht freagrach as roinnt beartas atá dlúthcheangailte le chéile. Comhaontaíodh creat oibriúcháin an chomhair

[21] https://icom.museum/en/resources/red-lists/
[22] https://icom.museum/en/resources/standards-guidelines/objectid/
[23] https://www.obs-traffic.museum/

idir an dá pháirtí agus feabhsaíodh é tuilleadh le linn na tréimhse tuairiscithe trí fhaireachán leanúnach.

Obair leis an nGrúpa Tionscadail maidir le 'Digitiú Earraí Cultúrtha'

Chruthaigh an Coimisiún Grúpa Tionscadail Custaim ar Dhigitiú Earraí Cultúrtha[24] ('Grúpa Tionscadal Custaim ar allmhairiú earraí cultúrtha PGICG' roimhe seo) a fheidhmíonn mar fhóram díospóireachta do shaineolaithe ó na Ballstáit riaracháin náisiúnta chustaim agus údaráis inniúla (cultúrtha) a bhfuil taithí acu ar fhoirmiúlachtaí ceadúnaithe a chur i gcrích i gcúrsaí oidhreachta, go háirithe go digiteach. Chuir an Grúpa tacaíocht ar fáil le hullmhú an ghnímh cur chun feidhme, agus tá sé ag cuidiú le seirbhísí an Choimisiúin na paraiméadair a shainiú agus na critéir do shonraíochtaí feidhmiúla an chórais ICG a mhionsaothrú.

Tá an Grúpa Tionscadail[25] comhdhéanta de thoscairí ó 14 Bhallstát (AT, BE, BG, GR, ES, LV, PT, RO, DE, NL, IT, FR, HU agus DK) agus tháinig sé le chéile ceithre huaire déag go dtí seo (cúig huaire le linn na tréimhse tuairiscithe 29.6.2021 – 28.6.2022).

Le linn na tréimhse tuairiscithe sin, rinne an Grúpa Tionscadail na hábhair seo a leanas a scrúdú agus a phlé go príomha:

- Clárú na dtairbhithe le haghaidh díolúine ó cheanglais dhoiciméadacha (meastachán ar an líon ionchasach, amlíne);
- Aitheantas údaráis inniúla na mBallstát laistigh den chóras ICG;
- Doiciméad Ceisteanna Coitianta (CC) chun cúnamh teicniúil a sholáthar d'úsáideoirí ICG;
- Leabharlann ICG ina bhfuil faisnéis bhunúsach ar dhlíthe tríú tíortha (onnmhairiú);
- Cumhdach, cruthú tearmainn ag Ballstáit (scéim dheonach);
- Gnéithe atá úsáideach le dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teicniúla amhail: na réimsí saorthéacs laistigh den cheadúnas allmhairiúcháin agus teimpléid na ráiteas allmhaireora a laghdú agus liostaí luachanna a chruthú, róil a shainiú in TRACES de réir an struchtúir atá á úsáid ag na Ballstáit, treoirlínte réamhchlárúcháin a shainiú, a áirithiú go n-úsáidfear na critéir mheastóireachta chéanna le haghaidh gach Ballstáit (i gcás eintitis nó comhlachtaí príobháideacha/leathphoiblí) chun a dheimhniú an gcomhlíonann institiúid an ceanglas iontaobhais agus príomhábhair eile;
- Forbairtí lena mbaineann Intleacht Shaorga lena n-úsáid i leagan amach anseo den ICG, lena sainaithnítear cineálacha cur chuige nuálacha chun dul i ngleic leis an mbealach a ndéantar cur síos ar earraí cultúrtha agus a rialaítear iad ag custam AE ag an teorainn (níl cur chun feidhme IS á thuar don chéad leagan den chóras agus d'fhéadfadh sé teacht chun cinn mar fhorbairt amach anseo);
- Comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. ICOM do na Liostaí Dearga, go háirithe chun achoimre nó gné leabharlainne den ICG a chruthú a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le lucht riaracháin agus allmhaireoirí na mBallstát srianta nó ceanglais onnmhairiúcháin sna tríú tíortha a shainaithint ar bhealach níos fearr).

[24] Feidhmíonn an Grúpa Tionscadail um Dhigitiú Earraí Cultúrtha mar ardán díospóireachta, ina dtagann saineolaithe ó riaracháin náisiúnta chustaim agus ó údaráis inniúla (cultúrtha) a bhfuil taithí acu ar fhoirmiúlachtaí ceadúnaithe i gcúrsaí oidhreachta a chur i gcrích, go háirithe go digiteach, chun tacaíocht a sholáthar leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt an Chórais ICG.

[25] Chun tuilleadh sonraí a fháil faoi shainordú agus obair an Ghrúpa Tionscadail, féach an chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn ón gCoimisiún COM(2020) 342 final.

5. RIOSCAÍ MAIDIR LE MOILLEANNA

Riosca 1 – Leithdháileadh foirne
Ní dhearna foráil sa togra tosaigh ón gCoimisiún maidir le córas TF a chruthú. Mar sin, níor leithdháileadh acmhainní dá réir. Mar sin féin, le linn na caibidlíochta agus ar iarratas ó na comhreachtóirí, áiríodh cruthú an chórais ICG sa Rialachán, inar iarradh acmhainní breise gan choinne ag an bpointe sin. Measadh, tráth an phlé thrípháirtigh pholaitiúla deiridh i mí na Nollag 2018, gur dhá phost Riarthóra lánaimseartha a bheadh i gceist le riachtanais an tionscadail sé bliana sin i dtéarmaí pearsanra forbartha TF in DG TAXUD. Mar sin féin, ní fhéadfaí ach Riarthóir lánaimseartha amháin a leithdháileadh ó lár mhí Iúil 2020 ar aghaidh.

Riosca 2 – Paindéim Covid-19 agus géarchéim na hÚcráine
Le géarchéim sláinte poiblí COVID-19 cuireadh isteach go pointe áirithe ar chumas na foirne seachadadh a dhéanamh agus go háirithe ar ghníomhaíochtaí tionscadail agus ar chruinnithe leis an nGrúpa Saineolaithe agus leis an nGrúpa Tionscadail leis na Ballstáit. Tionóladh cruinnithe i bhformáid fhíorúil, le cláir oibre níos giorra agus idirghníomhú teoranta. Ina theannta sin, mar gheall ar an ngéarchéim sláinte poiblí b'éigean tosaíochtaí a athsceidealú laistigh de na Ballstáit, rud a chuir srian ar a gcumas ionchur agus aiseolas a sholáthar don chomhad. Ag an am céanna, mar gheall ar an teannas geopholaitiúil de dheasca an chogaidh san Úcráin tá dúshlán á chur roimh chustam sa lá atá inniu ann, agus iad ag déileáil le bunathruithe sa chomhthéacs seo.

Riosca 3 – Togra maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam
Tá dea-fheidhmiú an chórais ICG nasctha le rath Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, arb é is aidhm di bunús dlí a sholáthar le haghaidh fheidhmiú CSW-CERTEX AE. Léirítear i gcolún rialtas go rialtas (G2G) den togra sin conas a mhalartóidh údaráis inniúla custaim agus comhpháirtíochta sonraí go digiteach. Ag an gcéad phlé trípháirteach polaitiúil maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a tionóladh an 19 Bealtaine 2022, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú lena bhfeabhsaítear agus lena leathnaítear raon feidhme an togra ón gCoimisiún, gan tionchair ar an gcóras ICG. Go luath tar éis ghlacadh agus fhoilsiú foirmiúil an Rialacháin, tosóidh DG TAXUD ag obair ar na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a rialaítear leis an Rialachán seo a ullmhú. Déanfar dréacht-téacs molta na ngníomhartha sin a phlé leis na Ballstáit ag roinn nua den Choiste um an gCód Custaim, darb ainm 'Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail' (CCC-SWE). Cé gur céim thábhachtach chun cinn iad na forbairtí dearfacha, na príomhchéimeanna eile nach mór a chur san áireamh ná go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad, mar aon leis na hullmhúcháin do na dréachtghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe.

Riosca 4 - Na tosaíochtaí foriomlána forbartha TF custaim

Léirítear sa mheasúnú ar na príomhrioscaí maidir le córais TF Chód Custaim an Aontais (UCC) a chur chun feidhme go tráthúil go bhfuil na rioscaí suite go príomha ar thaobh na mBallstát agus go bhfuil baint acu le srianta acmhainní, le castacht na dtionscadal agus lena lánpháirtiú, agus saincheisteanna conarthacha agus soláthair chomh maith le roinnt tosca seachtracha ar nós phaindéim COVID-19. Bhí fadhbanna breise ag roinnt Ballstát maidir le tionchar Brexit, an tionscadail ríomhthráchtála agus le déanaí tionchar an chogaidh san Úcráin. Tá an cás sin á mheas faoi láthair agus tá na roghanna maoluithe faoi UCC nó nuashonruithe ar Chlár Oibre UCC á mbreithniú.

Caingne maolaithe
Tuairiscíodh na rioscaí laistigh de DG TAXUD.

6. CONCLÚIDÍ

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse atá clúdaithe sa tríú tuarascáil seo ar dhul chun cinn chun an córas ICG a fhorbairt:

* Déanann na Ballstáit an chéad leagan den phacáiste BPManna don chóras ICG a thabhairt chun críche agus a athbhreithniú. Beidh nuashonruithe breise ar na BPM ag teastáil le linn na céime forbartha.

* Críochnaíodh an doiciméad BAC, ag cur síos ar na cásanna tástála lena sainítear na gníomhaíochtaí tástála chun na ceanglais ghnó agus fheidhmiúla go léir a bhailíochtú agus lena gcinntítear a gcur chun feidhme ag an gcóras. Mar thoradh air sin, cruthaíodh scéalta úsáideoirí agus rinneadh iad a ailíniú leis an BAC.

* Aicmíodh na gnéithe faoi chatagóirí éagsúla agus marcáladh iad dá réir sa phleanáil sonraithe (féach Tábla 1: Forbhreathnú ardleibhéil ar spriocanna infhaighteachta).

* Tá tús curtha le forbairt an Chórais ICG agus tá na chéad torthaí bunúsacha ar an scáileán cheana féin, agus é mar aidhm na páirtithe leasmhara a chomhcheangal timpeall R4, 2022 agus aiseolas a bhailiú. Dá bhrí sin, faigheann DG TAXUD taispeántais rialta le linn thimthriall na forbartha, agus beidh na Ballstáit rannpháirteach chomh luath agus a bheidh leagan tástála ann.

* De bharr dlúth-chomhoibriú le baill an Ghrúpa Tionscadail um ‘Digitiú Earraí Cultúrtha’ tá deis againn na gníomhaíochtaí teicniúla a chur chun cinn.

Tá an Coimisiún de réir an sceidil go dtí seo. Is i dtaca le tosaíochtaí foriomlána forbartha TF custaim agus, go háirithe, le córais TF COC, a sainaithníodh na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le moill ar sheachadadh an chórais ICG laistigh den sprioc-am socraithe. Níor chuir géarchéim sláinte poiblí COVID-19 isteach ach beagán ar dhul chun cinn an tionscadail ICG.

IARSCRÍBHINN I: PLEANÁIL STRAITÉISEACH ILBHLIANTÚIL

Cinntítear leis an MASP-C bainistíocht éifeachtach agus chomhleanúnach ar thionscadail TF trí chreat straitéiseach agus garspriocanna a leagan amach laistigh de na sprioc-amanna dlíthiúla arna mbunú sa reachtaíocht. Tá sé formhuinithe ar deireadh ag na Ballstáit sa Ghrúpa um Beartas Custaim (CPG) bunaithe ar chomhairle a sholáthraíonn an Grúpa Comhordaithe Custaim Leictreonach (ECCG) agus comhairliúcháin le trádáil ag an nGrúpa Teagmhála Trádála (TCG).
Tá an phleanáil don chóras leictreonach pléite agus formheasta ag na Ballstáit agus tá cur síos mionsonraithe uirthi i gCáipéis 1.18. de MASP-C ath. 2019.

I dTábla 1 thíos tá sliocht maidir le pleanáil an tionscadail ar allmhairiú earraí cultúrtha as MASP-C ath 2019 Cáipéis 1.18.

Tábla 1 - Sliocht as Cáipéis 1.18 MASP-C ath. 2019		
	Garspriocanna	*Dáta críochnaithe measta*
1	Anailís Gnó agus Samhaltú Gnó	
	- Doiciméad Cáis Gnó	C4 2020
	- Leibhéal 3 (Ceanglais Úsáideora BPM)	R1 2022
	- Leibhéal 4 (Ceanglas Feidhmiúil mionsonraithe BPM)	R1 2022
2	Forálacha Dlíthiúla	
	- Forálacha reatha a glacadh*	R2 2019
	- Forálacha arna nglacadh sa todhchaí**	R2 2021
3	Céim Thionscnaimh an Tionscadail	
	- Doiciméad Físe	R2 2021
	- Cinneadh ‘Téigh ar Aghaidh’	R2 2021
4	Tionscadal TF	
	- Sonraíochtaí Feidhmchláir & Seirbhíse	R2 2023
	- Sonraíochtaí maidir leis an gCóras Teicniúil	R2 2023
	Céim na Tógála	
	- Cur chun feidhme na seirbhísí lárnacha	R3 2024
	- Comhtháthú seirbhíse i gCórais Náisiúnta	N/B
	- Cur chun feidhme náisiúnta	N/B
	Céim Aistrithe	
	- Leithdháileadh agus rolladh amach	R4 2024
	- Tástálacha Comhréireachta	R2 2025
5	Oibríocht	
	- An Coimisiún, riaracháin agus trádálaithe na mBallstát	R2 2025
	- Tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus trádálaithe nach trádálaithe den Aontas Eorpach iad (más gá)	N/B
6	Tacaíocht cur chun feidhme (oiliúint agus cumarsáid)	
	- Oiliúint agus cumarsáid a forbraíodh go lárnach	R4 2024
	- Oiliúint agus cumarsáid náisiúnta	R4 2024

* Tagraíonn forálacha reatha do Rialachán (AE) 2019/880
** Tagraíonn forálacha don todhchaí do na forálacha cur chun feidhme atá le glacadh de réir Rialachán (AE) 2019/880

Soláthraítear i dTábla 2 sliocht de thionscadal CSW-Certex AE, le fócas ar Chomhpháirt 2 de thionscadal CERTEX-CSW AE, ag idirnascadh an chórais ICG.

Tábla 2 - Sliocht as Cáipéis 1.13 MASP-C ath. 2019 – Comhpháirt 2 'CSW-CERTEX AE'		
	Garspriocanna	*Dáta críochnaithe measta*
1	Anailís Gnó agus Samhaltú Gnó	
	- Doiciméad Cáis Gnó	R1 2017
	- Iarscríbhinn maidir le Cás Gnó	R2 2023
	- Leibhéal 3 (Ceanglais Úsáideora BPM)	R1 2024
	- Leibhéal 4 (Ceanglas Feidhmiúil mionsonraithe BPM)	R1 2024
2	Forálacha Dlíthiúla	
	- Forálacha reatha a glacadh*	I bhfeidhm
	- Forálacha arna nglacadh sa todhchaí**	2021
3	Céim Thionscnaimh an Tionscadail	
	- Doiciméad Físe	R3 2017
	- Iarscríbhinn an Doiciméid Físe	R3 2023
	- Cinneadh 'Téigh ar Aghaidh'	R3 2023
4	Tionscadal TF	
	- Sonraíochtaí Feidhmchláir & Seirbhíse	R2 2024
	- Sonraíochtaí maidir leis an gCóras Teicniúil	R2 2024
	Céim na Tógála	
	- Cur chun feidhme na seirbhísí lárnacha	R3 2024
	- Comhtháthú seirbhíse i gCórais Náisiúnta	Ó R4 2024 ar aghaidh
	- Cur chun feidhme náisiúnta	Ó R4 2024 ar aghaidh
	Céim Aistrithe	
	- Leithdháileadh agus rolladh amach	R4 2024
	- Tástálacha Comhréireachta	Ó R1 2025 ar aghaidh
5	Oibríocht	
	- An Coimisiún, lucht riaracháin agus Trádálaithe na mBallstát (NB: Is é seo an dáta Oibríochtaí don Choimisiún, déanfaidh na Ballstáit tástáil chomhréireachta ó R2 2020)	R2 2025
	- Tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus trádálaithe nach trádálaithe den Aontas Eorpach iad (más gá)	N/B
6	Tacaíocht cur chun feidhme (oiliúint agus cumarsáid)	
	- Oiliúint agus cumarsáid a forbraíodh go lárnach	N/B
	- Oiliúint agus cumarsáid náisiúnta	N/B

* Tagraíonn forálacha reatha do Rialachán (AE) 2019/880

** Tagraíonn forálacha don todhchaí do na forálacha cur chun feidhme atá le glacadh de réir Rialachán (AE) 2019/880

IARSCRÍBHINN II: PRÍOMHCHÉIMEANNA TIONSCADAIL AGUS AMLÍNE NA nGARSPRIOCANNA CRITICIÚLA

